Dept. of Education & Skills,
Payroll Division,
Cornamaddy,
Athlone,
Co. Westmeath.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

An Roinn Oideachais & Scileanna,
An Rannóg Párolla,
Cor na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí.

Ciorclán – 16/2011

## Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna, Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin gach Coiste Gairmoideachais

## Re: Rátaí Athbhreithnithe Pá i leith Maoirseachta / Ionadaíochta don scoilbhliain 2010/11

1. Táim faoi threoir ag an Aire Oideachais agus Scileanna faomhadh a chur in iúl do

   (a) ráta athbhreithnithe pá a chur i bhfeidhm ó 1 Meán Fómhair 2010 i gcás dualgas maoirseachta / ionadaíochta a chuireann múinteoirí i gcrích.

   (b) ráta athbhreithnithe pá a chur i bhfeidhm ó 1 Meán Fómhair 2010 i gcás pearsanra a fhostaítear mar mhaoirseoirí, agus mar mhaoirseoirí amháin, ag Boird Bhainistíochta.

2. Is é €47.82 in aghaidh na huaire an ráta atá iníoctha le múinteoirí le haghaidh ionadaíochta don scoilbhliain 2010/2011 le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2010.

   Tá na rátaí in aghaidh na huaire a bhí iníoctha le múinteoirí le haghaidh maoirseachta roimhe seo leagtha amach in Aguisín A.

3. €1,769.00 an ráta bliantúil atá iníoctha le múinteoirí don scoilbhliain 2010/2011 i leith 37 uair an chloig maoirseachta.

   Tá na rátaí in aghaidh na bliana a bhí iníoctha le múinteoirí le haghaidh maoirseachta roimhe seo leagtha amach in Aguisín B.

4. Is é €21.31 in aghaidh na huaire an ráta atá iníoctha le pearsanra a fhostaítear chun críche ionadaíochta amháin le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2010.

   Tá na rátaí in aghaidh na huaire a bhí iníoctha le pearsanra a fostaíodh chun críche ionadaíochta amháin roimhe seo leagtha amach in Aguisín C.

5. **Do Bhunscoileanna amháin**

Eiseofar íocaíochtaí deontais chuig Boird Bhainistíochta scoileanna 1, 2, nó 3 oide agus scoileanna ina roghnaigh oide gan dualgais mhaoirseachta a dhéanamh, i Márta, 2011. Déanfar é seo chun íocaíocht mhaoirseoirí a éascú don scoilbhliain 2010/2011.

6 **D'Iarbhunscoileanna amháin**

Déanfar an réamhíocaíocht, as dualgais mhaoirseachta / ionadaíochta sa scoilbhliain 2010/2011, le múinteoirí incháilithe i Márta, 2011.

Seo a leanas na rátaí iníoctha

(a) Múinteoirí Lánaimseartha - €620.00 (faoi réir asbhaintí reachtúla)
(b) Múinteoirí atá ag roinnt poist agus Múinteoirí Páirtaimseartha Rialta - ar bhonn pro-rata.

7. Ba chóir cóip den Chiorclán seo a chur ar fáil do bhaill Bhord Bainistíochta, do mhúinteoirí agus do mhaoirseoirí.

Is féidir teacht ar an gciorclán seo ar láithreán gréasáin na Roinne seo ag www.education.ie faoin teideal - Ciorcláin

P. Maloney,
Príomh-Oifigeach,
Eanáir 2011.

**Aguisín A**

Tá na rátaí in aghaidh na huaire a bhí iníoctha le múinteoirí le haghaidh maoirseachta roimhe seo leagtha amach thíos

| Dáta éifeachtach | Ráta in aghaidh na huaire iníoctha le múinteoirí le haghaidh maoirseachta |
|---|---|
| 01 Eanáir 2010 | €47.82 |
| 01 Meán Fómhair 2009 | €50.34 |
| 01 Meán Fómhair 2008 | €50.34 |
| 01 Márta 2008 | €49.11 |

---

**Aguisín B**

Tá na rátaí in aghaidh na bliana a bhí iníoctha le múinteoirí le haghaidh maoirseachta roimhe seo leagtha amach thíos

| Scoilbhliain | Ráta in aghaidh na bliana iníoctha le múinteoirí le haghaidh 37 uair an chloig maoirseachta |
|---|---|
| 2009/2010 | €1,811.00 |
| 2008/2009 | €1,862.00 |

---

**Aguisín C**

Tá na rátaí in aghaidh na huaire a bhí iníoctha le pearsanra a fostaíodh chun críche ionadaíochta amháin roimhe seo leagtha amach thíos.

| Dáta éifeachtach | Ráta in aghaidh na huaire iníoctha le pearsanra a fostaíodh chun críche ionadaíochta amháin |
|---|---|
| 01 Eanáir 2010 | €21.31 |
| 01 Meán Fómhair 2009 | €22.43 |
| 01 Meán Fómhair 2008 | €22.43 |
| 01 Márta 2008 | €21.88 |